Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10718 — KINGSPAN / ONDURA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 281/06)

1. An 14 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kingspan Group Limited ("Kingspan", an Ríocht Aontaithe), atá á rialú ag Kingspan Group Plc (an Ríocht Aontaithe),

— Ondura SAS ("Ondura", an Fhrainc), atá á rialú go hindíreach ag Naxicap Partners

Gheobhaidh Kingspan rialú aonair ar Ondura ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Kingspan gníomhach i monarú na nithe seo a leanas: painéil srathaithe, insliú, réitigh solais agus aeir, teicneolaíochtaí i réimsí an uisce agus an fhuinnimh agus i réimsí na sonraí agus an urlárlaigh ar fud an domhain,

— Tá Ondura gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar na nithe seo a leanas: réitigh a bhaineann le díonlach éadrom agus uiscedhíonadh do dhíonta claonta agus cothroma, bileoga plaisteacha trédhearcacha agus tréshoilseacha, gabhálais agus táirgí comhlántacha ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10718 — KINGSPAN / ONDURA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.